Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2023
(OR. en)

11082/23

LIMITE

COJUR 26
CFSP/PESC 927
RELEX 794
COEST 385

PUBLIC

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10354/1/23 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta anois agus é 25 bliain ó glacadh Reacht na Róimhe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta anois agus é 25 bliain ó glacadh Reacht na Róimhe.

**IARSCRÍBHINN**

PUBLIC

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## MAIDIR LEIS AN gCÚIRT CHOIRIÚIL IDIRNÁISIÚNTA ANOIS AGUS É 25 BLIAIN Ó GLACADH REACHT NA RÓIMHE

1. Ar chomóradh 25 bliana ó glacadh Reacht na Róimhe, déanann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ceiliúradh ar rannchuidiú ríthábhachtach na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta le comhrac na saoirse ó phionós i gcás na gcoireanna is tromchúisí ar údar imní iad don chomhphobal idirnáisiúnta ina iomláine. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go buan leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ina ról lárnach maidir le ceartas a thabhairt d'íospartaigh i ngach cás faoina dlínse.

2. Tá an tAontas Eorpach ag tacú go diongbháilte leis an gCúirt ó bunaíodh é. Agus í ina chéad agus an t-aon chúirt bhuan choiriúil idirnáisiúnta ar domhan chun an choireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh, léiríonn an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta diongbháilteacht an chomhphobail idirnáisiúnta deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós ar na hainghníomhartha is gránna agus cultúr cuntasachta a chothú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

3. Is deis ar leith é comóradh 25 bliana Reacht na Róimhe chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus chun tacaíocht an Aontais Eorpaigh dá thodhchaí a athdhearbhú freisin. Tá dul chun cinn suntasach fós á dhéanamh i ngníomhaíochtaí na Cúirte, lena n-áirítear réamhscrúduithe, imscrúduithe agus imeachtaí breithiúnacha. Tá baint ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta le 17 staid, ar fud an domhain, agus tá líon níos mó cásanna gníomhacha ann in imeachtaí cúirte.

4. Ní mór dúinn aird ar leith a thabhairt ar na cásanna uile ina ndealraíonn sé go bhfuil na coireanna is tromchúisí ar cúis imní iad don chomhphobal idirnáisiúnta tiomanta. Tá an Chomhairle suite de go dtabharfaidh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, i gcomhréir le prionsabal na comhlántachta, ceartas d'íospartaigh i ngach áit.

5. Tá cogadh ag dul ar aghaidh gan staonadh ar mhór-roinn na hEorpa. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a Conclúidí ó mhí na Nollag 2022 maidir le cuntasacht as na coireanna is tromchúisí a rinneadh i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

6. Cuireann an Chomhairle i dtreis ról tábhachtach na Cúirte a gcearta a áirithiú d'íospartaigh coireanna gránna, guth a thabhairt dóibh trí rannpháirtíocht a éascú dóibh ina gcuid imeachtaí, cúnamh a thabhairt dóibh agus cúiteamh a dhámhachtain. Tá cabhair tugtha ag Ciste Iontaobhais um Íospartaigh na Cúirte do na deicheanna míle íospartach dá n-athshlánú fisiciúil agus síceolaíocha agus tacaíocht ábhartha. Tathantaíonn an Chomhairle ar na Stáit is Páirtithe agus ar dhreamanna eile leanúint dá dtacaíocht a thabhairt don Chiste Iontaobhais um Íospartaigh.

7. Meabhraítear don Chomhairle an ról bunúsach atá ag an tsochaí shibhialta maidir le bunú agus feidhmiú na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus maidir le tacaíocht a thabhairt do rochtain na n-íospartach ar an gceartas. I mbliana freisin, comóradh 25 bliana ó glacadh Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine. Tá an Chomhairle tiomanta do spás na sochaí sibhialta a chosaint, lena n-áirítear trí fhreagairt do bhagairtí ar chosantóirí chearta an duine, atá ag túslíne an cheartais.

8. Agus í i gceannas ar chomhrac na saoirse ó phionós, ní mór don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a bheith in ann oibriú go neamhspleách agus go neamhchlaonta. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí oibriú i gcomhar leis na Stáit is Páirtithe uile, agus le comhpháirtithe eile ar fud an domhain, chun tacú leis an gCúirt agus chun neamhspleáchas na Cúirte agus sláine Reacht na Róimhe a chaomhnú agus a urramú. Ní féidir glacadh le haon bhagairt ar an gCúirt, ar a foireann ná orthu siúd a bhfuil baint acu le hobair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

9. Tá an tAontas Eorpach tiomanta d'fheidhmiú éifeachtach na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. In 2006, ba é an tAontas Eorpach an chéad eagraíocht réigiúnach a thug comhaontú i gcrích maidir le comhar leis an gCúirt. Tá comhar iomlán leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ina réamhriachtanas d'éifeachtacht na Cúirte. Tugann an Chomhairle dá haire gur dúshlán tromchúiseach don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta é an neamh-chomhoibriú.

10. Iarrann an Chomhairle ar gach Stát a áirithiú go gcomhoibreoidh siad go hiomlán leis an gCúirt, lena n-áirítear trí bharántais ghabhála atá fós gan réiteach a fhorghníomhú go pras, agus comhaontuithe deonacha a dhéanamh. Is codanna lárnacha uile den nós imeachta coiriúil idirnáisiúnta iad íospartaigh agus finnéithe a chosaint agus a athlonnú, scaoileadh eatramhach agus críochnaitheach agus pianbhreitheanna a fhorfheidhmiú, agus ba cheart an t-ualach ábhartha a roinnt go cothrom idir na Stáit is Páirtithe, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, trí chomhaontuithe comhair dheonaigh.



PUBLIC

11. Tá prionsabail Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, chomh maith leis na prionsabail lena rialaítear feidhmiú Reacht na Róimhe, i gcomhréir go hiomlán le prionsabail agus le cuspóirí an Aontais. Tá an Chomhairle tiomanta leanúint dá hiarrachtaí agus athnuachan a dhéanamh ar a cuid iarrachtaí chun uilíocht a chur chun cinn agus sláine Reacht na Róimhe a chaomhnú. Tathantaíonn an tAontas Eorpach ar na Stáit sin nach bhfuil sin déanta acu go fóill, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas, Reacht na Róimhe a dhaingniú go práinneach nó aontú dó agus deireadh a chur le saoirse ó phionós i gcás na gcoireanna is tromchúisí. Iarrann sé ar na Stáit is Páirtithe, tar éis dóibh breithniú a dhéanamh ar a gcúinsí náisiúnta, a mheas an ndéanfaidh siad na leasuithe ar Reacht na Róimhe a dhaingniú nó a ghlacadh.

12. Leanfaidh an Chomhairle lena cuid iarrachtaí an Chúirt a phríomhshruthú a thuilleadh ar fud réimsí beartais inmheánacha agus seachtracha an Aontais, chun comhleanúnachas a áirithiú agus go mbeadh sí ina chuid lárnach den phlé maidir le dlí daonnúil idirnáisiúnta, cearta an duine, cothú na síochána agus réiteach coinbhleachtaí, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta tacaíocht taidhleoireachta sheasta a thabhairt don Chúirt chun a áirithiú gur féidir léi a sainordú a chur i gcrích go héifeachtach. I ndáil leis an méid sin, molann an Chomhairle go ndírítear go speisialta ar shainordú agus ar obair Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine maidir le comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn agus tacú leis an gceartas coiriúil idirnáisiúnta agus is díol sásaimh di an bhéim leanúnach atá á leagan ag an Ionadaí Speisialta ar na hábhair sin.

13. Admhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé acmhainní airgeadais atá riachtanach agus inbhuanaithe a chur ar fáil don Chúirt, chun a áirithiú go mbeidh a cuid orgán in ann a róil faoi seach a imirt go daingean agus go comhsheasmhach i ngach cás faoi shainordú domhanda na Cúirte. Iarrann an Chomhairle ar na Stáit is Páirtithe uile i Reacht na Róimhe a ranníocaíochtaí a íoc ina n-iomláine agus in am agus aon riaráistí atá dlite a íoc láithreach.

14. Is deis uathúil é an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na Cúirte chun córas an dlí choiriúil idirnáisiúnta a neartú agus chun an Chúirt a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Molann an Chomhairle an tiomantas a léirigh an Chúirt le linn an phróisis sin. Molann an Chomhairle don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus do na Stáit is Páirtithe leanúint leis na moltaí ábhartha a mheasúnú agus a chur chun feidhme, agus urraim chuí á tabhairt do neamhspleáchas ionchúisimh agus breithiúnach na Cúirte. Leagann an tAontas Eorpach tábhacht ar leith ar dhea-rialachas agus cultúr oibre folláin a chur chun cinn, lena n-áirithítear cuimsiú agus comhionannas inscne freisin. Tugann an Chomhairle dá haire beartais inscne a bheith á neartú ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta tríd an Straitéis nua maidir le Comhionannas Inscne agus Cultúr san Ionad Oibre.

PUBLIC

15. Molann an Chomhairle iarrachtaí na Cúirte dearcadh inscne agus aoise a chomhtháthú ina cuid oibre imscrúdaithe, ionchúisimh agus breithiúnacha agus spreagann sí na hiarrachtaí sin a thuilleadh. Molann an Chomhairle don Chúirt comhtháthú cur chuige inscne-fhreagrúil agus leanbhlárnach a neartú a thuilleadh i mbailiú fianaise.

16. Meabhraítear don Chomhairle gur cúirt de rogha dheiridh í an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, a chomhlánaíonn na cúirteanna náisiúnta in áit dul ina n-ionad. Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá comhlántacht agus comhar idir dlínsí náisiúnta agus an Chúirt mar cheann de na gnéithe is tábhachtaí de Reacht na Róimhe. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle chun suntais ról Líonra an Aontais um Chinedhíothú maidir leis an gcomhar sin a fheabhsú agus maidir le comhroinnt dea-chleachtas idir Ballstáit an Aontais a éascú. Molann an tAontas do na Stáit is Páirtithe an reachtaíocht náisiúnta is gá a ghlacadh lena sainítear coireanna idirnáisiúnta, lena gcruthaítear, nó lena dtreisítear aonaid speisialaithe coireanna cogaidh agus lena neartaítear an comhar i measc na Stát.

17. Áitíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé ríthábhachtach go dtoghfaí na breithiúna agus na hoifigigh is ardcháilithe don Chúirt trí thoghcháin chothroma thrédhearcacha a bheadh bunaithe ar fhiúntas, i gcomhréir le Reacht na Róimhe, chun cáilíocht na gcinntí breithiúnacha a áirithiú agus chun muinín as cumas agus neamhchlaontacht na hinstitiúide an ceartas a bhaint amach a mhéadú a thuilleadh. Molann an Chomhairle do na Stáit is Páirtithe cloí le nósanna imeachta ainmniúcháin náisiúnta atá dian agus trédhearcach agus iarrthóirí breithiúnacha á gcur i láthair acu. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh próiseas toghcháin inchreidte trédhearcach ann, lena n-áirítear grinnfhiosrúchán, chun dlisteanacht na Cúirte a áirithiú.

18. Deis é comóradh 25 bliain ó glacadh Reacht na Róimhe chun dul chun cinn a dhéanamh sa chomhrac i gcoinne saoirse ó phionós do na coireanna is tromchúisí agus chun an smacht reachta a neartú. Molann an Chomhairle iarrachtaí na Stát is Páirtithe an comóradh seo a cheiliúradh le himeachtaí éagsúla a tionóladh ar fud an domhain agus ceiliúradh á dhéanamh ar chur chun cinn an cheartais choiriúil idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit d'fheasacht ar an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus ar Reacht na Róimhe a chur chun cinn. Glacann an tAontas Eorpach an deis seo chun athdhearbhú a dhéanamh ar a thiomantas buanseasmhach do neamhspleáchas agus do neamhchlaontacht na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, agus ar an ról lárnach atá aige sa chomhrac domhanda in aghaidh na saoirse ó phionós.

PUBLIC